Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2016
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0185 (COD)**

**10329/16**
**ADD 1**

**TELECOM 121**
**COMPET 381**
**MI 458**
**CONSOM 154**
**CODEC 898**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Meitheamh 2016 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2016) 201 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR Achoimre Feidhmiúcháin ar an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 i dtaobh na rialacha maidir le margaí fánaíochta mórdhíola |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2016) 201 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: SWD(2016) 201 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.6.2016
SWD(2016) 201 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

**Achoimre Feidhmiúcháin ar an Measúnú Tionchair**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 i dtaobh na rialacha maidir le margaí fánaíochta mórdhíola**

{COM(2016) 399 final}
{SWD(2016) 202 final}

## Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair ar an togra reachtach maidir le fánaíocht mhórdhíola

### A. An gá le beart

**Cén fáth? Cad í an fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?**

D'aontaigh na comhreachtóirí deireadh a chur le formhuirir fánaíochta le linn taisteal tréimhsiúil san Aontas Eorpach ón 15 Meitheamh 2017 (córas FATB[1] a forchuireadh le Rialachán 531/2012 arna leasú le Rialachán 2015/2120 an 25 Samhain 2015, an 'Rialachán Fánaíochta') ar an gcoinníoll go nglacfadh an tAontas, i ndiaidh athbhreithniú ón gCoimisiún ar an margadh fánaíochta mórdhíola laistigh den Aontas, na bearta reachtacha cuí maidir leis an margadh seo chun go mbeidh feidhm le FATB ón dáta sin. Léirítear san athbhreithniú a rinne an Coimisiún ar fhánaíocht mhórdhíola nach bhfuil margaí fánaíochta mórdhíola náisiúnta ag feidhmiú mar is ceart agus ceaptar gurb amhlaidh a bheidh faoin oibleagáid mhiondíola FATB amach anseo. Dá bharr sin féachtar leis an measúnú tionchair cinneadh a dhéanamh maidir leis an rogha is fearr chun an margadh fánaíochta mórdhíola san Aontas a rialáil chun go mbeidh FATB ann in 2017 ach ag an am céanna inbhuanaitheacht na samhlacha muirearaithe baile a chaomhnú.

Is oibreoirí líonra soghluaiste san Aontas den chuid is mó na páirtithe lena mbaineann. Custaiméirí na n-oibreoirí soghluaiste san Aontas a bhaineann úsáid as seirbhísí cumarsáide soghluaiste agus iad ag taisteal san Aontas na daoine is mó a bhainfidh tairbhe as.

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?**

Is é is aidhm don tionscnamh bearta iomchuí maidir leis an margadh fánaíochta mórdhíola a mholadh le go mbeidh sé ag luí leis an oibleagáid ar oibreoirí soghluaiste san Aontas seirbhísí fánaíochta miondíola a sholáthar ag praghsanna baile ón 15 Meitheamh 2017. Agus measúnú á dhéanamh ar na bearta sin, tá sé curtha san áireamh ag an gCoimisiún gur gá a áirithiú go mbeidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta in ann aisghabháil a dhéanamh ar na costais uile a eascraíonn as seirbhísí fánaíochta mórdhíola rialáilte a sholáthar, lena n-áirítear costais chomhpháirteacha agus costais chomhchoiteanna.

Dá bharr sin, déantar na roghanna a mheas i gcomparáid leis na cuspóirí beartais a leagtar amach sa Rialachán Fánaíochta: (i) deireadh a chur i mbealach inbhuanaithe le formhuirir fánaíochta mhiondíola d'oibreoirí uile an Aontais, nó ionann is iad uile, agus saobhadh ar na margaí baile a sheachaint, (ii) a áirithiú gur féidir costais a aisghabháil ar an leibhéal mórdhíola, ach ag an am céanna dreasachtaí a bheith ann chun infheistíocht a dhéanamh i líonraí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu agus saobhadh ar an iomaíocht intíre sna margaí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu a sheachaint.

**Cad é an breisluach atá le beart ar leibhéal an Aontais?**

Leis an Rialachán Fánaíochta, cuireadh de chúram ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an margadh fánaíochta mórdhíola agus tograí iomchuí a dhéanamh chun go bhféadfaí deireadh a chur le formhuirir fánaíochta mhiondíola san Aontas ón 15 Meitheamh 2017. Is faoi réir coinníll go nglacfar agus go gcuirfear i bhfeidhm ar an dáta sin na bearta is gá ar an leibhéal mórdhíola chun go gcuirfear deireadh le formhuirir fánaíochta mhiondíola mar atá sainordaithe sa Rialachán Fánaíochta. Mar sin, mura ndéanfaí beart ar bith a mholadh agus mar gheall ar an bhfianaise thuas nach leor an córas reachtach atá ann faoi láthair i ndáil leis an margadh mórdhíola mar bhonn le FATB a thabhairt isteach, ní fhéadfaí an oibleagáid a leagtar síos sa Rialachán Fánaíochta maidir le deireadh a chur le formhuirir fánaíochta mhiondíola ón 15 Meitheamh 2017 a bheith infheidhme ar an dáta sin.

### B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a rinneadh a mheas? An bhfuil rogha tosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Le cois impleachtaí cur chun feidhme, déantar measúnú ar na roghanna de réir na gcritéar seo a leanas: meastachán ar leibhéal na tíre ar mheánchostas FATB ar sholáthraithe seirbhísí fánaíochta miondíola le hais a meánioncam baile; tástáil ar inbhuanaitheacht ar leibhéal an oibreora; na costais ábhartha ar fad ar leibhéal an mhórdhíola le haghaidh líonraí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu trí thagairt do mheastacháin ar chostais, do leibhéal na rátaí críochnaithe soghluaiste atá i bhfeidhm faoi láthair agus do phraghsanna baile miondíola agus mórdhíola.

Déantar ceithre rogha a mheas:

*Rogha 1–gan aon ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais* (an cás bunlíne): Ní bheadh FATB infheidhme ón 15 Meitheamh 2017 agus ní bheadh formhuirir fánaíochta mhiondíola fós á n-íoc ag tomhaltóirí i ndiaidh an dáta sin.

*Rogha 2–uasteorainneacha fánaíochta mórdhíola ar an leibhéal atá ann cheana a leagan síos ar fud an Aontais:* I gcás 20 % ar a laghad de na hoibreoirí sa sampla agus/nó i gcás sé Bhallstát ar a laghad, ní bheadh FATB

[1] Fánaíocht ar Tháille Baile

inbhuanaithe.
***Rogha 3–uasteorainn fánaíochta mhórdhíola ar leibhéal níos ísle ná mar atá infheidhme inniu a leagan síos ar fud an Aontais:*** Léiríonn an anailís gur leis an rogha seo is fearr a chomhlíontar na cuspóirí beartais.
*Rogha 4–uasteorainneacha fánaíochta mórdhíola sonracha de réir tíre a leagan síos:* Le hais Rogha 3, is beag a dhéanann an rogha seo chun inbhuanaitheacht FATB ar leibhéal an oibreora a fheabhsú agus ag an am céanna is mó iad na rioscaí maidir le haisghabháil costas ar an leibhéal mórdhíola a bhaineann léi, mar aon le deacrachtaí nach beag cur chun feidhme.

**Cé atá i bhfách le cén rogha?**

Léiríonn an comhairliúchán poiblí nach bhfuil na hoibreoirí ar aon intinn maidir le cén beart rialála ar an leibhéal mórdhíola is iomchuí chun go bhféadfaí FATB inbhuanaithe a bheith ann: tá páirtithe áirithe seanbhunaithe agus oibreoirí a bhfuil sciar den mhargadh acu i gcuid mhór Ballstát, agus oibreoirí go ginearálta a bhfuil cuid mhór tráchta fánaíochta isteach acu, den tuairim go bhfuil FATB inbhuanaithe faoi na huasteorainneacha fánaíochta mórdhíola atá ann faoi láthair (Rogha 2), agus tá an tuairim ag oibreoirí eile, go háirithe oibreoirí beaga, mar aon le hoibreoirí líonra fíorúil soghluaiste agus oibreoirí a bhfuil cuid mhór tráchta fánaíochta amach acu, go gcaithfear na huasteorainneacha fánaíochta mórdhíola a laghdú go mór má tá FATB inbhuanaithe le bheith ann (Rogha 3). Is ar éigean gur tugadh aon tacaíocht do Rogha 4 le linn an chomhairliúcháin phoiblí.

## C. Tionchair rogha na tosaíochta

**Cé na buntáistí a bhaineann leis an rogha tosaíochta (más ann dóibh, nó cé na príomhbhuntáistí)?**

I gcás Rogha 3 (laghdú ar uasteorainneacha fánaíochta mórdhíola ar fud an Aontais), má shocraítear na huasteorainneacha fánaíochta mórdhíola ar fud an Aontais ag 4 €c/nóiméad, 1 €c/SMS agus 0.85 €c/MB, beidh FATB inbhuanaithe ann san Aontas, lena n-áirítear d'oibreoirí ar lú a gcumhacht margála, ach áirithítear ag an am céanna go bhféadfaidh oibreoirí líonraí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu a gcostais intuartha a aisghabháil as seirbhísí fánaíochta mórdhíola a sholáthar agus spreagadh a bheith ann chun infheistíocht a dhéanamh sna líonraí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu. Lena chois sin, fágann an leibhéal uasteorann i gcás Rogha 3 spás don iomaíocht faoin uasteorainn, go háirithe sa chaoi gur féidir buntáistí eacnamaíocha a fháil de bharr scála agus gur féidir dul i mbun caibidlíochta chun taraifí níos ísle a lorg bunaithe air sin.
Léiríonn an anailís chomh maith go n-imreofaí tionchar dearfach ar an margadh fánaíochta mórdhíola dá gceadófaí d'oibreoirí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu agus oibreoirí a thugann cuairt roghnú gan an uasteorainn faoin rialachán a chur i bhfeidhm ach conradh neamhrialáilte a dhéanamh in áit sin, m.sh. praghsáil bunaithe ar thoilleadh nó aon socrú conarthach eile, agus, ar an ábhar sin, moltar é mar bheart comhlántach.
Toisc go bhfágann Rogha 3 go mbeidh FATB i bhfeidhm ó Mheitheamh 2017 ar aghaidh, beidh tionchar mór dearfach ann de bharr go ndéanfar praghsanna fánaíochta a ailíniú le praghsanna baile do thomhaltóirí a bheidh ag taisteal laistigh den Aontas, rud a bheartaigh an comhreachtóir in 2015.

**Cad iad costais rogha na tosaíochta (más ann do chostais, nó cad iad na príomhchostais)?**

I gcomparáid leis an rialáil is infheidhme faoi láthair maidir leis an margadh fánaíochta mórdhíola ní bheidh aon chostais bhreise riaracháin ná costais bhreise theicniúla ann mar gheall ar an rogha tosaíochta. De bharr gur ísle na praghsanna fánaíochta mórdhíola a ghearrfar ar oibreoirí soghluaiste, féadfaidh sé go laghdófar sa ghearrthéarma an t-ioncam fánaíochta mórdhíola a fhaigheann oibreoirí a dhéanann óstáil ar chustaiméirí oibreoirí coigríche, ach ag an am céanna tiocfaidh laghdú ar na costais mhórdhíola a ghearrtar orthu féin nuair a sholáthraíonn siad seirbhísí fánaíochta miondíola dá gcuid custaiméirí féin. De bharr gur mó an t-éileamh a bheidh ag daoine ar sheirbhísí soghluaiste, áfach, go háirithe ar sheirbhísí sonraí, agus iad ag taisteal laistigh den Aontas i ngeall ar an rogha seo a chur i bhfeidhm, ba cheart go bhfágfadh sin go ndéanfar an dá thionchar sin a mhaolú agus, den chuid is mó, a chúiteamh. Mar thoradh ar an bhforbairt ar na húsáidí nua a bhaineann le gléasanna agus le feidhmchláir nasctha fad is atá daoine ag taisteal laistigh den Aontas, spreagfar ioncam nua nach beag d'oibreoirí soghluaiste an Aontais, ioncam a sháróidh go mór sa mheántéarma an úsáid theoranta a bhaintear as seirbhísí fánaíochta soghluaiste faoi láthair, rud atá ag teacht go hiomlán le tionscnaimh eile faoi Straitéis an Choimisiúin maidir le Margadh Aonair Digiteach.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Oibreoirí líonra soghluaiste beaga agus oibreoirí líonra fíorúil soghluaiste: táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach suntasach ag an rialáil nua de bharr gur mó na deacrachtaí a bhíonn ag na hoibreoirí seo teacht ar bhearta fánaíochta mórdhíola atá fabhrach dóibh. Tabharfaidh an tionscnamh deis dóibh tairbhe a bhaint as praghsanna fánaíochta mórdhíola a chuirfidh ar a gcumas seirbhísí fánaíochta miondíola a sholáthar ar phraghsanna baile.

Gnólachtaí ar líne agus gnólachtaí nuathionscanta: beidh tionchar mór dearfach orthu; tiocfaidh fás ar úsáid a gcuid seirbhísí le linn fánaíochta san Aontas, rud a chiallaíonn gur mó na deiseanna a bheidh acu seirbhísí a sholáthar do thomhaltóirí agus iad ag taisteal laistigh den Aontas. Leis an tionscnamh, cuirfear chun cinn úsáid trasteorann gléasanna/seirbhísí/aipeanna móibíleacha nasctha, rud a thacóidh leis an nuálaíocht.

| |
|---|
| <u>Fiontair bheaga agus mheánmhéide</u> (<u>FBManna</u>): tionchar mór dearfach dóibh siúd a bhfuil fostaithe acu a bhíonn ag taisteal laistigh den Aontas ar mhaithe le gnó (laghdú ar bhillí). |
| **An mbeidh tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Ní bheidh tionchar ag an tionscnamh ann féin ar riaracháin phoiblí náisiúnta. Déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta (ÚRNanna) faireachán agus maoirseacht ar chomhlíonadh an Rialacháin Fánaíochta arna leasú le Rialachán 2015/2120. |
| **An mbeidh tionchair shuntasacha eile ann?** |
| Ní shamhlaítear go mbeidh aon tionchar suntasach ar thríú tíortha, ar thrádáil idirnáisiúnta ná ar infheistíocht. Is ionstraim reachtach é Rialachán Fánaíochta an Aontais lena bhféachtar le margadh inmheánach an Aontais a chruthú. Cumhdaíonn a raon feidhme trácht laistigh den Aontas, tráth a dhéanann duine ar custaiméir é d'oibreoir líonra san Aontas fánaíocht ar líonra oibreora eile san Aontas. Is comhtháthú eacnamaíoch de réir bhrí Airteagal V GATS é an tAontas Eorpach, ar Ball ina cheart féin den Eagraíocht Dhomhanda Trádála é, agus, ar an ábhar sin, tairbhíonn an tAontas agus a Bhallstáit de tharscaoileadh faoin Airteagal sin. De bharr go bhfuil Rialachán Fánaíochta an Aontais infheidhme i margadh inmheánach an Aontais amháin, ní dhéantar aon idirdhealú nó ní thagann coincheap an náisiúin bharrfhabhair i gceist má tá difear idir na rátaí fánaíochta (mórdhíola agus miondíola) d'oibreoirí laistigh den Aontas agus na rátaí lasmuigh. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Ní mór don Choimisiún Eorpach tuarascáil a dhéanamh gach 2 bhliain ó mhí an Mheithimh 2018. Leis an Rialachán Fánaíochta tugtar údarás do na ÚRNanna faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo, agus tugtar údarás do BEREC sonraí a bhailiú ó na ÚRNanna maidir le forbairt ar mhuirir mhórdhíola (sonraí a chuirtear i bhfógra chuig an gCoimisiún faoi dhó sa bhliain) agus tuairisciú a dhéanamh ar fhorás na bpraghsanna mórdhíola. |